An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta – An Togra le haghaidh Staidéar Meastóireachta ar Fheidhmiú/Thionchar na Scéime

An Foras Taighde ar Oideachas, Campus Phádraig (DCU), BAC 9

An Staidéar Meastóireachta

- *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* – ‘Déanfaidh an Chigireacht agus an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) comhoibriú ar an meastóireacht fhoriomlán ar thionchar an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta’ (lch. 9)*.
- Togra á chur le chéile faoi láthair, agus tá ionchur ón gCoiste Comhairleach uainn
- Leanfaidh an staidéar ó Aibreán 2019 go dtí Aibreán 2022.
- Beidh trí ghrúpa ag obair lena chéile: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna; An Chigireacht; agus an FTO (an príomhghrúpa).

Na Téamaí don Taighde (1-3)

- Cé chomh mór agus atá **athrú tagtha ar an meán teagaisc ó Bhéarla go Gaeilge** i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?
- Conas mar atá ag **úsáid na Gaeilge** i measc múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?
- Cad í **cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa tumoideachas** i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?

Na Téamaí don Taighde (4-6)

- Conas mar a thacaíonn **naisc scoile leis an bpobal** le húsáid na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?
- Cad iad **dearcthaí daltaí/scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí** i leith na Gaeilge?
- Cad iad na **gnéithe den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta is éifeachtaí** maidir leis an tumoideachas a chur i bhfeidhm sna scoileanna atá páirteach?

- (D'fhéadfaí fothéamaí a aithint do gach téama)

Na Modhanna agus na hUirlísí

- Staidéar ar cháipéisí (m. sh., tuairiscí, pleananna)
- Breathnóireacht
- Agallaimh le Focusghrúpaí (m.sh., príomhoidí, tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí/scoláirí)
- Ceistneoirí
- Measúnú ar fhoghlaim na ndaltaí/scoláirí (m. sh. Trialacha sa Ghaeilge labhartha, sa léitheoireacht, seicliostaí srl., próifílí, agallaimh, torthaí sna scrúduithe)
- Suirbhéanna (m.sh ar dhearcthaí an phobail)
- Eile?

Um thráthnóna. . . .

- Sé ghrúpa – téama amháin do gach grúpa
- Bileog do gach grúpa
- Iarrtar ar gach grúpa cathaoirleach agus rúnaí a cheapadh
- Iarrtar ar na rúnaithe achoimre a thabhairt don bhaill an choiste
- Cé go mbeidh téama faoi leith le plé ag gach grúpa, beidh deis agaibh aiseolas a thabhairt dúinn faoi na téamaí go léir
- Baileofar na bileoga ag an deireadh agus cuirfear tuairisc le chéile
- Beidh 20 nóiméad ar fáil chun na téamaí a phlé.